# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/2262 ÓN gCOIMISIÚN

**an 11 Samhain 2022**

**lena n-eisiatar ó mhaoiniú an Aontais Eorpaigh caiteachas áirithe a thabhaíonn an Ríocht Aontaithe faoin gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus faoin gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT)**

*(a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2022) 7871)*

**(Is é an téacs Béarla amháin atá barántúil)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 352/78, (CE) Uimh. 165/94, (CE) Uimh. 2799/98, (CE) Uimh. 814/2000, (CE) Uimh. 1290/2005 agus (CE) Uimh. 485/2008 ([1]) ón gComhairle, agus go háirithe Airteagal 52 de, i gcomhar le hAirteagail 131 agus 138 den Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach,

Tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste um na Cistí Talmhaíochta,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 52 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, déanfaidh an Coimisiún na fíoruithe is gá, cuirfidh sé in iúl don Ríocht Aontaithe torthaí na bhfíoruithe sin, tabharfaidh sé dá aire na barúlacha ón Ríocht Aontaithe, cuirfidh sé tús le plé déthaobhach ionas go mbeifear in ann teacht ar chomhaontú agus cuirfidh sé a chonclúidí in iúl don Ríocht Aontaithe go foirmiúil.

(2) Bhí deis ag an Ríocht Aontaithe a iarraidh go seolfaí nós imeachta idir-réitigh. Níor úsáideadh an deis sin.

(3) I gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, ní fhéadfar a mhaoiniú ach caiteachas talmhaíochta, a tabhaíodh ar bhealach nár sháraigh dlí an Aontais.

(4) I bhfianaise na bhfíoruithe a rinneadh agus thorthaí an phlé dhéthaobhaigh, ní chomhlíonann cuid den chaiteachas arna dhearbhú ag an Ríocht Aontaithe an ceanglas sin agus dá bhrí sin, ní fhéadfar é a mhaoiniú faoi CERT agus CETFT.

(5) Na méideanna nach n-aithnítear a bheith inmhuirir ar CERT agus CETFT, ba cheart iad a chur in iúl. Ní bhaineann na méideanna sin le caiteachas a thabhaítear níos mó ná 24 mhí sula dtugann an Coimisiún fógra i scríbhinn don Ríocht Aontaithe maidir le torthaí na bhfíoruithe.

(6) Na méideanna a eisiatar ó mhaoiniú an Aontais leis an gCinneadh seo, ba cheart a chur san áireamh leo freisin aon laghdú nó fionraíocht i gcomhréir le hAirteagal 41 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ós rud é gur de chineál sealadach iad na laghduithe nó na fionraíochtaí sin agus go bhfuil siad gan dochar do chinntí a dhéantar de bhun Airteagail 51 nó 52 den Rialachán sin.

(7) A mhéid a bhaineann leis na cásanna a chumhdaítear leis an gCinneadh seo, thug an Coimisiún fógra don Ríocht Aontaithe, i dtuarascáil achomair ar an ábhar, faoin measúnú ar na méideanna a bhí le heisiamh ar an ábhar nár comhlíonadh dlí an Aontais ([2]).

(8) Tá an Cinneadh seo gan dochar d'aon chonclúid airgeadais a bhféadfaidh an Coimisiún teacht uirthi ó na breithiúnais ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i gcásanna a bhí ar feitheamh an 21 Meán Fómhair 2022,

([1]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 549.
([2]) Ares(2022)6655537

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Eisiafar ó mhaoiniú an Aontais na méideanna a leagtar amach san Iarscríbhinn agus a bhaineann le caiteachas arna thabhú ag gníomhaireachtaí íocaíochta creidiúnaithe na Ríochta Aontaithe agus arna dhearbhú faoi CERT agus faoi CETFT.

*Airteagal 2*

Dírítear an Cinneadh seo chuig Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 11 Samhain 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*
Janusz WOJCIECHOWSKI
*Comhalta den Choimisiún*

**Mír Bhuiséid: 6200**

| Ballstát | Beart | Bliain airgeadais | Cúis | Cineál | Ceartúchán % | Airgeadra | Méid | Asbhaintí | Tionchar Airgeadais |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **GB** | Traschomhlíonadh | 2018 | Bliain éilimh 2017 | RÁTA COMHRÉIDH | 2,00% | EUR | - 566 913,74 | - 22 814,34 | - 544 099,40 |
| | Traschomhlíonadh | 2019 | Bliain éilimh 2017 | RÁTA COMHRÉIDH | 2,00% | EUR | - 26 004,08 | - 824,60 | - 25 179,48 |
| | Traschomhlíonadh | 2020 | Bliain éilimh 2017 | RÁTA COMHRÉIDH | 2,00% | EUR | - 3 623,70 | 0,00 | - 3 623,70 |
| | Traschomhlíonadh | 2019 | Bliain éilimh 2018 | RÁTA COMHRÉIDH | 2,00% | EUR | - 3 768 822,41 | - 100 974,81 | - 3 667 847,60 |
| | Traschomhlíonadh | 2020 | Bliain éilimh 2018 | RÁTA COMHRÉIDH | 2,00% | EUR | - 8 120,58 | 0,00 | - 8 120,58 |
| | Traschomhlíonadh | 2020 | Bliain éilimh 2019 | RÁTA COMHRÉIDH | 2,00% | EUR | - 3 805 285,77 | - 78 804,23 | - 3 726 481,54 |
| | Imréiteach Cuntas – Imréiteach Airgeadais | 2020 | Earráidí aitheanta agus earráidí randamacha CERT CCRR | AONUAIRE | | EUR | - 305 991,12 | 0,00 | - 305 991,12 |
| | Imréiteach Cuntas – Imréiteach Airgeadais | 2020 | Earráid aitheanta CERT Neamh-CCRR | AONUAIRE | | EUR | - 52 757,63 | 0,00 | - 52 757,63 |
| | Imréiteach Cuntas – Imréiteach Airgeadais | 2020 | Earráid aitheanta CERT Neamh-CCRR – torthaí agus glasraí | AONUAIRE | | EUR | - 623,79 | - 623,79 | 0,00 |
| | | | | | **Iomlán GB:** | **EUR** | **- 8 538 142,82** | **- 204 041,77** | **- 8 334 101,05** |

| Airgeadra | Méid | Asbhaintí | Tionchar Airgeadais |
|---|---|---|---|
| **EUR** | - 8 538 142,82 | - 204 041,77 | - 8 334 101,05 |

**Mír Bhuiséid: 6201**

| Ballstát | Beart | Bliain airgeadais | Cúis | Cineál | Ceartúchán % | Airgeadra | Méid | Asbhaintí | Tionchar Airgeadais |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **GB** | Imréiteach Cuntas – Imréiteach Airgeadais | 2020 | Ceartúchán ríofa CETFT CCRR | AONUAIRE | | EUR | - 176 260,63 | 0,00 | - 176 260,63 |
| | Traschomhlíonadh | 2018 | Bliain éilimh 2017 | RÁTA COMHRÉIDH | 2,00% | EUR | - 264 138,40 | - 70,19 | - 264 068,21 |
| | Traschomhlíonadh | 2019 | Bliain éilimh 2017 | RÁTA COMHRÉIDH | 2,00% | EUR | - 100 396,25 | - 25,86 | - 100 370,39 |
| | Traschomhlíonadh | 2020 | Bliain éilimh 2017 | RÁTA COMHRÉIDH | 2,00% | EUR | - 3 228,80 | 0,00 | - 3 228,80 |
| | Traschomhlíonadh | 2021 | Bliain éilimh 2017 | RÁTA COMHRÉIDH | 2,00% | EUR | - 4 028,24 | 0,00 | - 4 028,24 |
| | Traschomhlíonadh | 2018 | Bliain éilimh 2018 | RÁTA COMHRÉIDH | 2,00% | EUR | - 631,32 | 0,00 | - 631,32 |
| | Traschomhlíonadh | 2019 | Bliain éilimh 2018 | RÁTA COMHRÉIDH | 2,00% | EUR | - 24 408,70 | - 5,57 | - 24 403,13 |
| | Traschomhlíonadh | 2020 | Bliain éilimh 2018 | RÁTA COMHRÉIDH | 2,00% | EUR | - 25 273,34 | 0,00 | - 25 273,34 |
| | Traschomhlíonadh | 2021 | Bliain éilimh 2018 | RÁTA COMHRÉIDH | 2,00% | EUR | - 1 631,77 | 0,00 | - 1 631,77 |
| | Traschomhlíonadh | 2019 | Bliain éilimh 2019 | RÁTA COMHRÉIDH | 2,00% | EUR | - 874,82 | 0,00 | - 874,82 |
| | Traschomhlíonadh | 2020 | Bliain éilimh 2019 | RÁTA COMHRÉIDH | 2,00% | EUR | - 50 787,41 | 0,00 | - 50 787,41 |
| | Traschomhlíonadh | 2021 | Bliain éilimh 2019 | RÁTA COMHRÉIDH | 2,00% | EUR | - 17 381,35 | 0,00 | - 17 381,35 |
| | Traschomhlíonadh | 2020 | Bliain éilimh 2020 | RÁTA COMHRÉIDH | 2,00% | EUR | - 1 507,10 | 0,00 | - 1 507,10 |
| | Traschomhlíonadh | 2021 | Bliain éilimh 2020 | RÁTA COMHRÉIDH | 2,00% | EUR | - 64 003,64 | 0,00 | - 64 003,64 |
| | Imréiteach Cuntas – Imréiteach Airgeadais | 2020 | Bainistiú fiach CETFT 2007-2013 agus CETFT 2014-2020 | AONUAIRE | | EUR | - 149 505,26 | 0,00 | - 149 505,26 |

| Ballstát | Beart | Bliain airgeadais | Cúis | Cineál | Ceartúchán % | Airgeadra | Méid | Asbhaintí | Tionchar Airgeadais |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Imréiteach Cuntas – Imréiteach Airgeadais | 2020 | Earráid aitheanta CETFT Neamh-CCRR – Ciste um Éascú | AONUAIRE | | EUR | - 1 798 731,05 | 0,00 | - 1 798 731,05 |
| | Imréiteach Cuntas – Imréiteach Airgeadais | 2020 | Míreanna earráidí aitheanta 14 agus 57 CETFT Neamh-CCRR | AONUAIRE | | EUR | - 6 806,29 | 0,00 | - 6 806,29 |
| | Imréiteach Cuntas – Imréiteach Airgeadais | 2020 | Ráta neamhchomhlíontachta measta CETFT Neamh-CCRR | MEASTA DE RÉIR MÉID | | EUR | - 5 810 207,16 | 0,00 | - 5 810 207,16 |
| | | | | | **Iomlán GB:** | **EUR** | **- 8 499 801,53** | **- 101,62** | **- 8 499 699,91** |

| Airgeadra | Méid | Asbhaintí | Tionchar Airgeadais |
|---|---|---|---|
| **EUR** | - 8 499 801,53 | - 101,62 | - 8 499 699,91 |